

Creatlach do Phlean Ceachta

Téama: Caitheamh Aimsire

Fothéama: Cluichí sa Chlós: Rann Gníomhartha

Rang/Ranganna: Rang a haon

Spriocanna Foghlama/ Cuspóirí/ Feidhmeanna Teanga:

- Go mbeadh an páiste in ann treoracha a leanúint as Gaeilge
- Go mbeadh an páiste in ann treoracha a thabhairt as Gaeilge
- Go mbeadh na páistí in ann rann gníomhartha a imirt

Eiseamláirí Teanga:

1. Tá tú sásta
2. Buail do bhosa
3. Gread do chosa
4. Sméid do cheann
5. Abair tá mé
6. Is gur mhaith leat é a thaispeáint

Na Trí Thréimhse Ceachta

(1) An Tréimhse Réamhchumarsáide:

- Taispeánann an múinteoir teidí don rang agus cuireann sé/sí é in aithne do na páistí
- Glaonn an múinteoir na treoracha amach i dtús báire agus déanann an teidí na geáitsí a ghabhann leo. Déanann na páistí aithris ar an múinteoir.
- Ansin go tobann diúltaíonn teidí aon gheáitse a dhéanamh don mhúinteoir toisc nach bhfuil sé sásta (Is féidir aghaidh mhíshásta a thaispeáint do na páistí)
- Má thugann na páistí na treoracha tá teidí sásta iad a dhéanamh (Is féidir aghaidh shásta a thaispeáint do na páistí). Míníonn an múinteoir do na páistí go bhfuil teidí sásta is gur mhaith leis na gníomhaíochtaí a thaispeáint ach go bhfuil orthu na treoracha a thabhairt..
- Tugann an múinteoir agus na páistí gach dara treoir agus nuair a dhéanann teidí an ghníomhaíocht do na páistí ceistíonn an múinteoir é. “An bhfuil tú sásta?” “Ar mhaith leat é a thaispeáint?”

(2) An Tréimhse Cumarsáide:

- Seinneann an múinteoir an chuid den DVD a bhaineann leis an gceacht do na páistí chun a thaispeáint dóibh cad atá i gceist.
- Seasann an múinteoir agus na páistí i gcorcal sa chlós nó san halla.
- Canann an múinteoir an t-amhrán agus déanann sé/sí na gníomhaíochtaí a ghabhann leis na habairtí.
- Tagann na páistí isteach diaidh ar ndiaidh.
- Canann na páistí an t-amhrán ar fad agus cuireann siad na gníomhaíochtaí leis.

(3) An Tréimhse Iarchumarsáide:

- Féadtar páistí teacht os comhair an ranga ina n-aonar agus na hordaithe a thabhairt do theidí.
- Canann na páistí an t-amhrán gan aon chabhair a fháil ón múinteoir
- Aghaidheanna a tharraingt agus abairtí a chur leo mar. *Tá mé sásta agus tá áthas orm. Nil mé sásta mar tá ocras orm.*

Difreálú:

Ba chóir go mbeadh gach páiste in ann don cheacht seo. Is féidir mothúcháin eile a iniúchadh nó baill choirp eile a úsáid san amhrán.

Nascáil & Comhtháthú:

Éisteacht & Labhairt

Comhtháite leis na hAmharcealaíona leis an gCorpoideachas agus leis an OSPS

Measúnú:

Breathnóireacht an mhúinteora

Tasc atá deartha ag an múinteoir

Féinmheastóireacht:

- An raibh na páistí in ann na treoracha a leanúint?
- An raibh na páistí in ann an t-amhrán a chanadh?
- An raibh said in ann an tasc scríofa a chomhlíonadh?
- Ar thuig said gach rud a bhí le déanamh acu?